# Tú Féin agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

## 12 Céim i dtreo GDPR a Chomhlíonadh

### 1 Tú Féin a Chur ar an Eolas

Déan athbhreithniú ar phróisis bainistithe riosca d'eagraíochta agus déan iad a fheabhsú – sainaithin na réimsí a mbaineann

### 2 Tú Féin a Dhéanamh Cuntasach

Déan fardal de na sonraí pearsanta ar fad atá á gcoinneáil agat. Cén fáth a bhfuil siad á gcoinneáil agat? An bhfuil siad ag teastáil uait fós? An bhfuil siad slán?

### 3 Cumarsáid a dhéanamh le Baill Foirne & Úsáideoirí Seirbhísí

Déan athbhreithniú ar gach fógra príobháideachais maidir le sonraí agus cinntigh go gcoinníonn tú úsáideoirí seirbhísí go hiomlán ar an eolas maidir leis an gcaoi a n-úsáideann tú a gcuid sonraí.

### 4 Cearta Pearsanta maidir le Príobháideachas

Cinntigh go gclúdaítear na cearta ar fad a bhfuil daoine aonair ina dteideal leo sna nósanna imeachta atá i bhfeidhm agat, lena n-áirítear an ceart ar scriosadh agus an ceart chun iniomparthacht sonraí.

### 5 Cén t-athrú a thiocfaidh ar Iarrataí ar Rochtain?

Déan an bealach a láimhseálfaidh tú iarrataí laistigh de na scálaí ama nua a phleanáil – ní mór déileáil le hiarrataí laistigh d'aon mhí amháin.

### 6 A bhfuil i gceist againn nuair a luaimid 'Bunús Dlí'

An bhfuil tú ag brath ar thoiliú, ar leasanna dlisteanacha nó ar achtachán dlíthiúil chun na sonraí a bhailiú agus a phróiseáil? An bhfuil tú ag teacht le caighdeáin an GDPR?

### 7 Úsáid a bhaint as Toiliú Custaiméirí mar fhorais chun sonraí a phróiseáil

Déan athbhreithniú ar mar a dhéanann tú toiliú a lorg, a fháil agus a thaifead agus ar cibé a bhfuil ort athruithe ar bith a dhéanamh le bheith réidh ó thaobh GDPR de.

### 8 Sonraí Leanaí a Phróiseáil

An bhfuil córais leordhóthanacha i bhfeidhm agat le haoiseanna daoine aonair a dheimhniú agus chun toiliú a fháil ó chaomhnóirí?

### 9 Sáruithe i ndáil le Sonraí a Thuairisciú

An bhfuil tú ullamh chun tuairisciú sainordaitheach maidir le sáruithe a dhéanamh? Cinntigh go bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm agat chun sárú i ndáil le sonraí a aimsiú, a thuairisciú agus a imscrúdú.

### 10 Measúnachtaí Tionchair Cosanta Sonraí (MTCS) agus Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus mar Réamhshocrú

Ní mór príobháideachas maidir le sonraí a bheith i gcroílár gach tionscadail amach anseo.

### 11 Oifigigh Cosanta Sonraí

An mbeidh ort Oifigeach Cosanta Sonraí a ainmniú? Cinntigh gur duine é a bhfuil an t-eolas, an tacaíocht agus an t-údarás cuí aige leis an bpost a dhéanamh go héifeachtach.

### 12 Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus an GDPR

Áirítear foráil 'ilfhreastail' sa GDPR a chuideoidh leis na rialaitheoirí sonraí sin a bhfuil a gcuideachtaí i mbun feidhme laistigh de go leor ballstát. Déan an áit san AE ina bhfuil do Phríomh-Cheannáras lonnaithe a shainaithint d'fhonn do Phríomhúdarás Maoirseachta a shainaithint.

ARC
Awareness raising campaign for SMEs

Co-funded by the Rights, Equality and Citizenship Programme of the European Union (2014-2020)

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission